# An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)
# Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) - Cuid 8

| | |
|---|---|
| **IARRATASÓIR:** | **Comhairle Chontae na Gaillimhe** |
| **SEOLADH AN LÁITHREÁIN:** | **Rinn Mhíl, Co. na Gaillimhe** |
| **BAILE FEARAINN:** | **Rinn Mhíl Thiar** |

De réir cheanglais Chuid 8 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú), tugtar fógra leis seo go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe tabhairt faoi fhorbairt ag an láthair thuas a bheidh comhdhéanta de reilig nua, spásanna páirceála gluaisteán agus bóthar ceangail inmheánach a thógáil i Rinn Mhíl Thiar, Contae na Gaillimhe

Tugadh faoi Scagadh le haghaidh 'Measúnacht Chuí' Chéim 1 i gcomhair na forbartha beartaithe agus baineadh an tátal as sin nach gá 'Measúnacht Chuí' Chéim 2 [Ráiteas Tionchair Natura (RTN)] a dhéanamh.

Beidh pleananna agus mionsonraí na forbartha beartaithe ar fáil lena scrúdú nó lena gceannach ar chostas nach mó ná an costas réasúnta a bhainfeadh le cóip a dhéanamh, le linn gnáthuaireanta oifige (Luan go hAoine, 9.00r.n. – 4.00i.n., gan Laethanta Saoire Bainc agus Laethanta Saoire Poiblí san áireamh) ó **Dé hAoine 11 Aibreán 2025** go **Déardaoin 15 Bealtaine 2025**, ag an láthair seo a leanas:

- Comhairle Chontae na Gaillimhe, An Rannóg Pleanála (Cuntar Poiblí), Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX.
- Comhairle Chontae na Gaillimhe, Oifig Ceantair Bhaile Locha Riach, Sráid na Beairice, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe, H62 K065
- Tairseach Chomhairliúcháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag https://consult.galway.ie/ga

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí maidir leis an bhforbairt bheartaithe, a bhaineann le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir ina mbeadh an fhorbairt lonnaithe, a dhéanamh i scríbhinn chuig an Rannóg Pleanála, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX; nó i bhfoirm leictreonach tríd an suíomh gréasáin speisialta ag https://planning.localgov.ie/ga/search/application (Tairseach ar líne na GBRA) le bheith istigh tráth nach déanaí ná **Déardaoin 29 Bealtaine 2025.**